Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Aibreán 2024
(OR. en)

9188/24
PV CONS 18
ECOFIN 495

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais)

12 Aibreán 2024

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 8415/24.

2. **Formheas na míreanna 'A'**
(a) **Liosta neamhreachtach** 8422/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh. Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

(b) **Liosta reachtach** (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 8423/24

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

1. **Méadú caipitil an Bhainc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha** ❶C 7539/24 + COR 1 PE-CONS 50/24 + COR 1 ECOFIN
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 2) an 10.4.2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 212 CFAE).

Ceartas agus Gnóthaí Baile

2. **Treoir maidir leis an sainmhíniú ar chionta coiriúla agus ar phionóis choiriúla i leith sárú ar bhearta sriantacha an Aontais** ❶C 8473/24 PE-CONS 95/23 + COR 1 JAI
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 2) an 10.4.2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 83(1) agus Airteagal 1 CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg páirt sa vótáil.

3. **Treoir maidir le sócmhainní a aisghabháil agus a choigistiú** ❶C 8464/24
*Glacadh an ghnímh reachtaigh* PE-CONS 3/24
a d'fhormheas Coreper (Cuid 2) an 10.4.2024 JAI

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 82(2), Airteagal 83(1) agus (2) agus Airteagal 87(2) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil.

4. **Athbhreithniú ar an Treoir maidir le 'Cead Aonair'** ❶C 8450/2/24 REV 2
*Glacadh an ghnímh reachtaigh* + ADD 1
a d'fhormheas Coreper (Cuid 2) an 10.4.2024 PE-CONS 93/23
JAI

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Fhionlainn agus an Ungáir ag vótáil ina choinne agus an Chróit, an Eastóin agus Poblacht na Seice ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 79(2), pointí (a) agus (b) CFAE). I gcomhréir leis na Prótacail ábhartha atá i gceangal leis na Conarthaí, níor ghlac an Danmhairg ná Éire páirt sa vótáil. Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

An Comhshaol

5. **Treoir lena leasaítear Treoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha agus Treoir ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl** ❶C 8200/2/24 REV 2
+ REV 2 ADD 1
*Glacadh an ghnímh reachtaigh* PE-CONS 87/23
+ COR 1 (sl)
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 10.4.2024 ENVI

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Iodáil ag vótáil ina choinne agus an Bhulgáir, an Ostair agus an Rómáin ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

6. **Rialachán maidir leis an tuairisciú ar shonraí comhshaoil ó shuiteálacha tionsclaíocha agus lena mbunaítear Tairseach um Astaíochtaí Tionsclaíocha** ❶C 8202/24 PE-CONS 101/23 ENVI
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 10.4.2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE).

Fuinneamh

7. **Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (athmhúnlú)** ❶C 8083/2/24 REV 2 + ADD 1 REV 2 PE-CONS 102/23 ENER
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 10.4.2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Iodáil agus an Ungáir ag vótáil ina choinne agus an Chróit, an Pholainn, an tSeicia, an tSlóvaic, agus an tSualainn ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 194(2) CFAE). Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

Iompar

8. **Rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 561/2006 a mhéid a bhaineann le sosanna agus tréimhsí scíthe san earnáil iompair ócáidigh paisinéirí** ❶C 8204/1/24 REV 1 PE-CONS 30/24 TRANS
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 10.4.2024

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Ostair ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 91(1) CFAE).

**9. Cinneadh a mhéid a bhaineann le ceanglais tuairiscithe áirithe i réimsí an iompair de bhóthar agus na heitlíochta**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 10.4.2024

8209/24
PE-CONS 27/24
TRANS

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagal 91, Airteagal 100(2) agus Airteagal 192(1) CFAE).

**10. Rialachán a mhéid a bhaineann le ceanglais áirithe tuairiscithe i réimsí an iompair de bhóthar agus na heitlíochta**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 10.4.2024

8207/24
PE-CONS 26/24
TRANS

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (bunús dlí: Airteagail 91 agus 100(2) CFAE).

An Margadh Inmheánach agus an Tionsclaíocht

**11. Rialachán maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7)**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*
a d'fhormheas Coreper (Cuid 1) an 10.4.2024

7568/24 + ADD 1
PE-CONS 109/23
+ REV 1 (hu)
MI

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh beartaithe de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Danmhairg ag vótáil ina choinne agus Éire agus an Ostair ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 114 CFAE). Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

## **Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

3. Cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta
   (a) Meastóireacht mheántéarmach
   *Seisiún tuairimíochta*
   (b) Conclúidí — 8294/24
   *Formheas*

4. Tionchar eacnamaíoch agus airgeadais fhogha na Rúise faoin Úcráin
   *Seisiún tuairimíochta*

5. Ullmhúchán do chruinniú Airí Airgeadais agus Ghobharnóirí Bainc Ceannais G20 an 17 agus an 18 Aibreán 2024 agus do chruinnithe bliantúla CAI:
   (a) Téarmaí Tagartha an Aontais — 8534/24
   (b) Ráiteas chuig an gCoiste Idirnáisiúnta Airgeadaíochta agus Airgeadais — 8535/24
   *Formheas*

6. Aon ghnó eile
   Gníomhaíochtaí Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (go háirithe maidir le calaois CBL) — 8800/24
   *Cur i láthair ó Oifig an Ionchúisitheora Eorpaigh*

---

❶ An chéad léamh

Ⓒ Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna reachtacha 'A' a leagtar amach in 8423/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna 'A':** | **Athbhreithniú ar an Treoir maidir le 'Cead Aonair'**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN UNGÁIR**

'Ba mhaith leis an Ungáir a chur in iúl gur mór aici na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na hUachtaránachtaí teacht ar chomhréiteach polaitiúil iomchuí maidir leis an athmhúnlú.

Mar sin féin, creidimid go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh na Ballstáit in ann cinneadh gan bhac a dhéanamh cé a fhéadfaidh dul isteach ar a gcríoch chun obair a dhéanamh, agus cé na coinníollacha agus cén nós imeachta maidir le ligean isteach a bheidh i gceist, agus réaltachtaí éagsúla eacnamaíocha, geografacha, cultúrtha agus sóisialta á gcur san áireamh.

Ar an drochuair, maidir le roinnt príomhghnéithe, táimid i bhfad rófhada ó shainordú na Comhairle agus ní thugtar dóthain solúbthachta leis an téacs comhréitigh do na Ballstáit, rud a chuireann an in-fhorfheidhmitheacht phraiticiúil i mbaol fiú i gcásanna áirithe. Ba cheart inniúlachtaí náisiúnta a choinneáil chun a áirithiú gur féidir le cinntí freagairt go solúbtha ar riachtanais mhargadh an tsaothair, ach tugadh cúl leis an meon sin ar mhaithe le comhréiteach tapa.

Thángthas ar chomhaontú réasúnta idir na Ballstáit maidir le tréimhse éigeantach an chéad fhostóra agus an tréimhse cheadaithe dífhostaíochta, lena gcosnaítear fostóirí náisiúnta agus lena laghdaítear rioscaí slándála inmheánaí. Measaimid go mbaineann na leasuithe a mhol an Pharlaimint maidir le hAirteagal 11 an bonn dá bhfuil bainte amach leis an gcomhaontú sin.

Agus aitheantas a thabhairt aici do na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag na hUachtaránachtaí, ní féidir leis an Ungáir tacú leis an nglacadh ar na cúiseanna thuasluaite.'

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'A':** | **Treoir lena leasaítear Treoir 2010/75/AE maidir le hastaíochtaí tionsclaíocha agus Treoir ón gComhairle maidir le líonadh talún le dramhaíl**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Ba mhaith leis an Ostair buíochas a ghabháil leis an Uachtaránacht as an obair ar an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha.

Maidir leis an athbhreithniú ar an Treoir, tá an Ostair go láidir den tuairim nár cheart d'aon mheath teacht ar na caighdeáin maidir le cosaint an chomhshaoil.

Staonann an Ostair ón vótáil, ós rud é gur cosúil nach bhfuil an téacs reatha uaillmhianach go leor ó thaobh an chomhshaoil de, agus ag an am céanna, tá sé ag teacht salach ar an bhfaoiseamh riaracháin atá á éileamh faoi láthair sa talmhaíocht, go háirithe maidir le tógáil na muc.

Cuireann an Ostair in iúl go bhfuil súil aici go ndéanfar tuilleadh forbartha ar chosaint an chomhshaoil maidir le seachaint astaíochtaí mar thoradh ar an tuarascáil mheasúnachta ar an Treoir athbhreithnithe maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha ón gCoimisiún Eorpach, agus laghdú ar ualaí riaracháin á mheas ag an am céanna.'

**RÁITEAS ÓN DANMHAIRG, ÓN EASTÓIN, ÓN bhFIONLAINN, ÓN nGEARMÁIN AGUS ÓN ÍSILTÍR MAIDIR LE TÓGÁIL EALLAIGH LAISTIGH DE RAON FEIDHME NA TREORACH MAIDIR LE hASTAÍOCHTAÍ TIONSCLAÍOCHA**

'Is ionstraim thar a bheith tábhachtach í an Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha 2010/75/AE chun truailliú ó shuiteálacha móra tionsclaíocha agus beostoic a chosc agus a rialú, agus dá bhrí sin tá sé ríthábhachtach í a athbhreithniú go héifeachtach chun spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus a uaillmhian maidir le truailliú nialasach a bhaint amach chomh maith leis na ceanglais fhoriomlána maidir le hamóinia agus gáis cheaptha teasa a laghdú.

Ar an ábhar sin, is oth linn nach n-áirítear tógáil eallaigh sa téacs comhréitigh deiridh i raon feidhme na Treorach, ós rud é gurb í príomhfhoinse na n-astaíochtaí amóinia agus meatáin in earnáil na talmhaíochta. Fiú mura n-áireofaí ach 1 % de na feirmeacha eallaigh tionsclaíocha is mó, chuirfeadh sin go mór le laghdú suntasach ar astaíochtaí amóinia agus meatáin. Dá bhrí sin, is díol sásaimh dúinn go ndéanfaidh an Coimisiún measúnú faoi 2026 ar conas is fearr aghaidh a thabhairt ar na hastaíochtaí a ghintear ó thógáil eallaigh, agus raon na n-ionstraimí atá ar fáil agus sainiúlachtaí na hearnála á gcur san áireamh. Cuirimid in iúl go bhfuil súil againn, leis an tuarascáil seo, go réiteofar an bealach chun tógáil eallaigh a áireamh i raon feidhme na Treorach agus, ar an gcaoi sin, áiritheofar cothrom na Féinne san Aontas.

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 7 ar liosta na míreanna 'A':</u>** | **Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (athmhúnlú)**<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN gCRÓIT**

'Tá Poblacht na Cróite tiomanta i gcónaí na cuspóirí aeráidneodrachta a bhaint amach gan dochar do na huaillmhianta a leagtar amach sa togra reachtach. Is díol sásaimh dúinn na forálacha maidir le hathchóiriú foirgneamh a ndearnadh damáiste dóibh de dheasca tubaistí nádúrtha, ar forálacha iad a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leo do Phoblacht na Cróite i ngeall ar an atógáil a rinneadh tar éis na gcreathanna talún in 2020.

Mar sin féin, is mór an t-amhras atá fós orainn faoi théacs deiridh an togra agus nílimid suite de go n-áiritheofar leis an togra le haghaidh athmhúnlú ar an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh go mbainfear amach ar bhealach iomchuí na spriocanna uaillmhianacha a leagtar síos agus beimid ag staonadh dá bhrí sin i nglacadh an ghnímh.

Measann Poblacht na Cróite gur cheart a lua go soiléir in athmhúnlú na Treorach gurb é is aidhm di stoc náisiúnta foirgneamh dícharbónaithe a bhaint amach agus stoc foirgneamh astaíochtaí nialasacha (FAN) a bhaint amach faoi 2050, ós rud é nach mbeifear in ann gach foirgneamh a athchóiriú ar chaighdeáin na bhfoirgneamh astaíochtaí nialasacha; i gcás roinnt foirgneamh, níl sé indéanta ar bhonn teicniúil ná inmharthanach ó thaobh an gheilleagair de caighdeán FAN a bhaint amach. Ba cheart gur cuspóir táscach a bheadh i gcaighdeán FAN a bhaint amach.

Tá sé tábhachtach a thuiscint nach bhfuil na huaillmhianta a leagtar amach maidir leis na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh d’fhoirgnimh neamhchónaithe á gcur i gceist againn. Tá forálacha in athmhúnlú na Treorach maidir le hathchóiriú foirgneamh a ndearnadh damáiste dóibh de dheasca tubaistí nádúrtha, rud a fhágfaidh gur níos inghlactha a bheidh sé do Phoblacht na Cróite a cuid oibleagáidí faoi Airteagal 9(1) a chomhlíonadh ná mar a bheadh sé faoi chur chuige ginearálta. Cuirfear solúbthacht ar fáil freisin leis na forálacha sin do na Ballstáit a mbeidh tionchar ag tubaistí nádúrtha orthu amach anseo. Mar sin féin, i ndáil leis an gcóras foriomlán chun athchóiriú fuinnimh foirgneamh neamhchónaithe a chur chun cinn in Airteagal 9(1) trí íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh bunaithe, ní mheasann Poblacht na Cróite é a bheith sách leorbhunaithe fós agus níl roinnt gnéithe den togra deiridh inoibrithe ná pragmatach.

Tá iarrtha ag Poblacht na Cróite go córasach go dtabharfaí isteach cur chuige malartach maidir le híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh d’fhoirgnimh neamhchónaithe (de réir phrionsabail chur chuige na conaire d’fhoirgnimh chónaithe) lena bhféadfaí na tosaíochtaí athchóirithe a oiriúnú ar bhealach suntasach d’imthosca náisiúnta gan an uaillmhian a laghdú.

Ba mhaith linn a chur in iúl freisin maidir leis an sainmhíniú ar athchóiriú domhain in Airteagal 2, nach léir go bhfuil sé bunaithe ar fhuinneamh a shábháil, agus go bhféadfaí coinníollacha fabhracha maoiniúcháin a bheith ag gabháil leis le haghaidh athchóirithe nach athchóirithe doimhne i ndáiríre iad.

Féadfaidh Poblacht na Cróite tacú le forálacha Airteagal 14 maidir le soghluaisteacht inbhuanaithe d’fhoirgnimh nua, ach measann sí go bhfuil na forálacha do na foirgnimh atá ann cheana ródhian agus go mbeadh sé deacair iad a chur chun feidhme.

## RÁITEAS ÓN UNGÁIR

‘Tacaíonn an Ungáir leis an aistriú go haeráidneodracht agus tá sí tiomanta bearta éifeachtacha a dhéanamh ina leith lena ndéanfaí an indéantacht eacnamaíoch agus shóisialta a chur san áireamh, agus lena n-áiritheofaí slándáil an tsoláthair fuinnimh agus inacmhainneacht na gcostas fuinnimh.

Ag an am céanna, is údar imní dúinn an oibleagáid maidir le fuinneamh gréine a shuiteáil i bhfoirgnimh, an toirmeasc ar fhóirdheontais le haghaidh coirí gáis nádúrtha le sprioc-am gearr, agus na spriocanna don tomhaltas fuinnimh a laghdú i bhfoirgnimh chónaithe le sprioc-amanna gearra. Creidimid go bhforchuirfidh forálacha na Treorach seo ualach eacnamaíoch agus sóisialta díréireach ar an Ungáir, nach féidir na cuspóirí a chur chun feidhme ar bhealach costéifeachtach, agus nach féidir na sprioc-amanna a leagadh amach a bhaint amach.

Meabhraímid, go gcaithfear, leis an dícharbónú luathaithe a dhéanfar ar an stoc foirgneamh faoi 2040, sonraíochtaí agus seasaimh tosaigh dhifriúla na mBallstát a chur san áireamh.

De bharr na n-ábhar imní thuasluaite, ní féidir leis an Ungáir tacú leis an téacs comhréitigh críochnaitheach.’

## RÁITEAS Ó MHÁLTA

‘Tá Málta lántiomanta i gcónaí uaillmhianta aeráide agus fuinnimh an Aontais a bhaint amach. Creideann Málta gur tháinig na comhreachtóirí ar an gcomhréiteach is fearr is féidir in athmhúnlú na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh agus, chuige sin, tacaíonn Málta lena ghlacadh.

Mar sin féin, tugann Málta dá aire go mbeidh roinnt dúshlán ag baint le cur chun feidhme na Treorach, go háirithe dúshláin de chineál teicniúil agus eacnamaíoch chun na spriocanna a comhaontaíodh a bhaint amach. Beidh sé an-deacair gach foirgneamh a athchóiriú chun caighdeáin na bhfoirgneamh astaíochtaí nialasacha a chomhlíonadh. Thairis sin, le haghaidh cineálacha áirithe foirgneamh, lena n-áirítear óstáin, tithe do dhaoine scothaosta agus foirgnimh mheánairde agus foirgnimh ardstóracha, chun roinnt samplaí a lua, tá an indéantacht theicniúil agus an inmharthanacht eacnamaíoch an-íseal fiú leis an infheistíocht is fearr is féidir ó thaobh costais de i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh.

Má dhéantar foinsí fuinnimh gréine in-athnuaite a shuiteáil ar bhealach éigeantach i ngach foirgneamh nach foirgneamh cónaithe é, beifear ag teacht salach ar cheanglais dlí agus phleanála, rud a d'fhéadfadh teorainn a chur ar na háiteanna ar féidir iad a shuiteáil mar gheall ar fhadhbanna úinéireachta, úsáid aerspáis, chomh maith le dlús na forbartha, ar ceist ar leith é i Limistéir Chaomhantais Uirbeacha.'

## RÁITEAS ÓN bPOLAINN

'Aontaíonn Poblacht na Polainne go bhfuil an éifeachtúlacht fuinnimh, lena n-áirítear feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh, ríthábhachtach mar uirlis chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach, slándáil an tsoláthair fuinnimh a fheabhsú, spleáchas an Aontais Eorpaigh ar allmhairí breosla a laghdú agus custaiméirí deiridh a chosaint.

Tuigeann an Pholainn an dearcadh cuiditheach atá acu siúd a bhfuil baint acu leis an Treoir a chaibidliú d'fhonn réitigh níos réalaíocha a aimsiú. Tá na himeachtaí sin, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na forálacha maidir le téamh ceantair, na sainmhínithe a úsáidtear agus na ceanglais atá pleanáilte le haghaidh foirgneamh, tar éis imeacht ó na réitigh is srianta a bhí ann ar dtús agus nár ghlac an Pholainn leo. Tuigeann an Pholainn na comhréitigh a baineadh amach, agus an indéantacht theicniúil agus an inmharthanacht eacnamaíoch á gcur san áireamh.

Ag an am céanna, tá ardriosca sainaitheanta ag an bPolainn i ndáil leis na spriocanna a leagtar amach sa Treoir nua maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh, go háirithe a mhéid a bhaineann le nuachóiriú foirgneamh sa chiall is leithne. Dar leis an bPolainn, leis na leibhéil fhoriomlána uaillmhéine atá beartaithe, níl an indéantacht á cur go hiomlán san áireamh, ná an ghéarchéim eacnamaíoch reatha ach oiread, ar cheart an éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun feidhme go príomha lena linn trí úsáid a bhaint as na bearta is costéifeachtaí dá bhfuil ann. Sna seasaimh uaithi, tá Poblacht na Polainne tar éis béim a leagan arís agus arís eile ar an gcaoi a bhféadfadh tionchair eacnamaíocha dhiúltacha a bheith ann más ró-ard na spriocanna agus mura gcuirtear tréithe eacnamaíochta na mBallstát san áireamh.

Measann an Pholainn, dá bhrí sin, go dtéann na spriocanna a comhaontaíodh agus na bearta atá le déanamh chun iad a bhaint amach thar a bhfuil indéanta agus fiú beagnach dodhéanta a bhaint amach, i bhfianaise imthosca náisiúnta na Polainne, struchtúr a geilleagair, a cothromaíochta fuinnimh agus na bhféidearthachtaí atá ar fáil dá pobail. Creidimid go daingean nach féidir na spriocanna nua coigiltis a bhaint amach ar bhealach costéifeachtach (níl aon amhras ach go mbeidh an tacaíocht airgeadais ó chistí Eorpacha ina mórchabhair chun na cuspóirí a bhaint amach, ach beidh rioscaí ollmhóra fós ann maidir le hinfhaighteacht ábhar tógála, oibrithe láimhe agus méaduithe ar phraghsanna de bharr cláir éigeantacha nuachóirithe).

Mar sin féin, déanfaidh an Pholainn gach iarracht na spriocanna coigiltis fuinnimh a bhaint amach, agus ag an am céanna cloífidh sí go docht leis an seasamh nár cheart go gcuirfí slí bheatha ná dea-bhail líonta tí agus gnólachtaí i mbaol leis na bearta a dhéanfar.'

**RÁITEAS ÓN tSLÓVAIC**

‘Leis an ráiteas seo, dearbhaíonn Poblacht na Slóvaice go bhfuil sí ag staonadh ón vótáil ar athmhúnlú na Treorach maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh.

Aithníonn Poblacht na Slóvaice a thábhachtaí atá an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh i bpróiseas dícharbónaithe an stoic foirgneamh suas go dtí 2050 agus an gá atá le dlús a chur leis na hathchóirithe costéifeachtúla atá cothrom ar bhonn sóisialta lena bhféachtar le caighdeán maireachtála na saoránach a chosaint.

Measann Poblacht na Slóvaice, áfach, go bhfuil uaillmhian réimeas na conaire a leagtar síos in Airteagal 9 den Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (athmhúnlú) ró-dhian ó thaobh luais agus ama de, go háirithe i gcás an stoic foirgneamh cónaithe, i bhfianaise gur stoic úinéir-áitithe bunáite an stoic foirgneamh cónaithe. D’fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha sóisialta a bheith ag an uaillmhian sin. Cuireann an tSlóvaic in aghaidh na n-éileamh míréasúnta ar an athchóiriú a bheith i gceangal leis an scéim pionóis d’úinéirí tí.

Is cúis mhór imní do Phoblacht na Slóvaice go bhfuil sé beartaithe deireadh a chur de réir a chéile le coirí breosla iontaise faoi 2040 i dteaghlaigh, i bhfianaise an ghá le soláthar fuinnimh a choimirciú i dtéamh do theaghlaigh.

Tacaíonn Poblacht na Slóvaice go láidir le cur chuige comhionann maidir le himscaradh na dteicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite uile atá ar fáil i bhfoirgnimh.

Mar sin féin, déanfaidh Poblacht na Slóvaice iarrachtaí breise chun foinsí airgeadais an úinéara tí a shlógadh mar aon lena ndreasacht chun athchóiriú fuinnimh a dhéanamh, agus na cearta bunúsacha á n-urramú aici ag an am céanna.’

**RÁITEAS ÓN tSUALAINN**

‘Tá ról tábhachtach ag foirgnimh i gcórais fuinnimh agus, dá bhrí sin, san aistriú fuinnimh. Is díol sásaimh don tSualainn an uaillmhian feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh san Aontas chun go rannchuideoidh an earnáil leis an sprioc fhadtéarmach maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050.

Sa chaibidlíocht, d’áitigh an tSualainn nár cheart ceanglais ró-mhionsonraithe a bheith ann gan aird leordhóthanach a thabhairt ar choinníollacha náisiúnta éagsúla. Ní hamháin go mbeadh cur chuige mar sin neamhéifeachtúil ó thaobh costais de ach d’fhéadfadh iarmhairtí eacnamaíocha forleathana neamh-inmhianaithe a bheith ann do theaghlaigh aonair agus do ghnólachtaí aonair dá dheasca.

Is mór ag an tSualainn na feabhsuithe a rinneadh ar an téacs deiridh, lena n-áirítear go bhféadfadh na Ballstáit iarrachtaí luatha agus an sciar íseal d’úsáid fuinnimh iontaise atá ann cheana féin in earnáil na bhfoirgneamh cónaithe a chur san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 9(2).

Is oth leis an tSualainn go bhfuil na forálacha maidir le grianfhuinneamh fós doiléir agus ró-mhionsonraithe. Tá ionradaíocht íseal gréine ag an tSualainn le linn mhíonna an gheimhridh, nuair a bhíonn an t-éileamh fuinnimh is airde ann.

Tá an tSualainn lántiomanta aistriú glas a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais araon.’

**Maidir le mír 11 ar liosta na míreanna 'A':**

**Rialachán maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí agus inneall agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin i ndáil lena n-astaíochtaí agus marthanacht ceallraí (Euro 7)**
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

**RÁITEAS Ó ÉIRINN**

'Is comhad suntasach agus casta é Euro 7 a bhfuil tionchar díreach agus láithreach aige ar ár gcomhshaol, ar cháilíocht an aeir agus an tsláinte phoiblí laistigh den Aontas. Aithnímid obair dhíograiseach Uachtaránachtaí na Sualainne agus na Spáinne, agus obair ár gcomhghleacaithe i bParlaimint na hEorpa, chun teacht ar chomhaontú cothrom agus cóir ina gcuirtear san áireamh cúiseanna imní éagsúla na mBallstát.

Mar aon le go leor dár gcomhghleacaithe, ba thosaíocht d'Éirinn é go mbunófaí caighdeáin nuashonraithe a luaithe is féidir. Is cúis áthais dúinn gur vótáil an Chomhairle agus an Pharlaimint araon go pras chun an comhréiteach a comhaontaíodh ag an gcruinniú tríthaobhach a ghlacadh, lena dtugtar cinnteacht áirithe don tionscal agus lena n-áirithítear go gcuirfear ceanglais níos déine i bhfeidhm d'fheithiclí bóthair nua a luaithe is féidir. Beidh sin ina chuidiú, go pointe áirithe, chun cáilíocht an aeir a chosaint, agus dá thairbhe sin, sláinte agus dea-bhail shaoránaigh uile an Aontais freisin.

D'ainneoin an mhéid sin, ní chomhlíontar leis an gcomhréiteach ar thángthas air ag an gcruinniú tríthaobhach na huaillmhianta réasúnta agus insroichte a leagtar amach sa togra bunaidh ón gCoimisiún, ná ní chuirtear san áireamh na cúiseanna imní a tharraing Éire agus Ballstáit eile anuas le linn na caibidlíochta. I ndeireadh na dála, ní chuirfidh Euro 7 iallach ar mhonaróirí astaíochtaí neamh-CO2 ó fheithiclí bóthair a theorannú go suntasach. Cé nach gcuirimid i gcoinne a ghlactha go críochnaitheach, níl aon athrú tagtha ar ár seasamh foriomlán agus staonfaimid ón vótáil dá réir.

Leanfaidh Éire de bheith ag obair go réamhghníomhach leis an gCoimisiún agus le comhghleacaithe sna Ballstáit eile sa phróiseas coisteolaíochta chun a áirithiú go mbeidh an reachtaíocht thánaisteach ar comhchéim le forbairtí teicneolaíochta agus go leanfaidh sí de bheith iomaíoch agus athléimneach. Leanfaimid de bheith ag iarraidh ar an tionscal gluaisteán ár seasamh mar cheannaire margaidh le haghaidh feithiclí glana agus glasa a choinneáil.'